Electric Ireland Solar PV and Battery Storage Terms & Conditions

1. Definitions

a. In these terms and conditions, the words below have the following meanings:

- 'Commencement Date' means the date on which We issue You with written acceptance of the Order.
- 'Conditions' means these general conditions.
- 'Contract' means the contract between You and Us to which these conditions apply, comprising, the Order and these Conditions.
- 'Order' means your order for the Works.
- 'Premises' means the premises identified in the Order being the property at which the Works are to be supplied.
- 'Products' means the Solar PV panels and/ or the Battery Storage Unit and associated equipment and apparatus to be supplied by Us to You as set out in the Order.
- 'Services' means the services to be supplied by Us to You as set out in the Order.
- 'Subcontractor(s)' means party/parties to which we may subcontract all or part of the services.
- 'Unordered Works' means any works (whether undertaken prior to, during or after the Works) undertaken by any Subcontractor(s) and/or any other third party/parties at the Premises by direct arrangement between such parties and You, and which are outside the scope of the Works.
- 'Us' or 'We' means the Electricity Supply Board trading as Electric Ireland.
- 'You' means the customer named on the Order.
- 'Works' means the supply and installation of the Products and any Additional Works.

b. The headings in these Conditions are for convenience only and will not affect how they are interpreted.

2. Basis of Contract

a. The Order constitutes an offer by You to purchase the Works from Us in accordance with these Conditions. For the Order to be valid, it must be signed by You.

b. The Order shall only be deemed to be accepted on the Commencement Date at which point and on which date the Contract shall come into existence.

3. Supply of Works

a. We shall supply the Works to You in accordance with the Order in all material respects.

b. We shall have the right to make any changes to the Works which are necessary to comply with any applicable laws and/or safety requirements, or which do not materially affect the nature or quality of the Works, and We shall notify You in any such event.

c. The Works will be supplied in a good and workmanlike manner using all reasonable care and skill. We will make good any damage to the Premises caused by Us or Our Subcontractor(s) in connection with the Works.

d. If We discover that there are issues which prevent Us from completing the Works We will notify You and You shall have the option to either:

i. end the Contract in line with Condition 8 below; or

ii. suspend the Contract until such time as such issues are rectified. If such issues are not rectified within six months either party may terminate the Contract.

e. Ownership of the Products will pass to You when they have been installed and You have paid for them in full.

4. Your Warranties and Obligations

4.1 You warrant that:

a. You are the owner of the Premises or otherwise have legal authority to enter into the Contract;

b. You have obtained and maintained all necessary licenses, permissions, including planning permissions, and consents which may be required before the date on which the Works are to start; and

c. You have not made any changes to the Premises since the date of the Order which could have an impact on the Works.

4.2 You are obliged to:

a. ensure that the terms of the Order and any information provided in the Order are complete and accurate;

b. provide Us, our employees, agents, consultants (including quality assurance consultants) and Subcontractor(s) with access to the Premises for

c. provide Us with such information as We may reasonably require in order to supply the Works, and ensure that such information is accurate in all material respects;

d. prepare the Premises for the supply of the Works, including the provision of compatible broadband services if required;

e. abide by all instructions and advice issued by Us or the Subcontractor(s) regarding the Works including but not limited to equipment and health and safety;

f. If equipment requires broadband leave your broadband service turned on at all times.

4.3 Energy Credits:

a. You acknowledge and agree that We are entitled to any energy credits attributable to the installation of the Products in the Premises under the Irish Government's Better Energy Scheme or any replacement or similar scheme and will execute any documents reasonably required by Us to transfer such energy credits to Us.

4.4 If our performance of any of Our obligations under the Contract is prevented or delayed by any act or omission by You or failure by You to perform any relevant obligation ("Your Default")

a. We shall without limiting our other rights or remedies have the right to suspend supply of the Works or until You remedy Your Default, and to rely on Your Default to relieve Us from the performance of any of Our obligations to the extent Your Default prevents or delays Our performance of any of Our obligations.

b. We shall not be liable for any costs or losses sustained or incurred by You arising directly or indirectly from our failure or delay to perform any of our obligations as set out in this Condition 4.4 caused by Your Default.

5. Our Warranty and Liability

a. All Works carry a one year warranty. We will repair or replace, at our option and cost, any defective Works within one year of the original installation.

b. We will repair or replace, at our option and cost, any Product which is or becomes defective within one year of the original installation.

c. You are also entitled to a manufacturer's warranty on the Products installed at the Premises (including replacements). Details of that warranty, and how to make a claim, will be provided to you on installation of the Products.

electric Ireland

d. You must notify us in writing within 14 days of becoming aware of any defects in any Works or Products.

e. The above warranties will not apply where the Works or Products are damaged as a result of misuse by You or by any cause not attributable to Us, Our subcontractors or the manufacturers of the Products.

f. We will have no liability for any impact on Your broadband service resulting from the uploading of your electricity usage data.

g. We will have no liability in relation to information including personal data provided by You to third parties in relation to the Works.

h. We will have no liability in respect of Unordered Works.

i. Nothing in these Conditions shall limit or exclude Our liability for:

i. death or personal injury caused by our negligence, or the negligence of our employees, agents or Subcontractors;

ii. fraud or fraudulent misrepresentation; or

iii. breach of the terms implied by Section 12 of the Supply of Goods and Supply of Services Act 1980.

j. In extreme/very cold weather conditions insulating your loft and pipes may not prevent freezing and the consequences of same.

k. Subject to Condition 6.j, We will not be liable to You under this Contract in contract, tort (including negligence) or otherwise for any indirect damages or economic loss, including but not limited to loss of revenue, business, contracts, predicted savings or profits.

l. Except as set out in these Conditions, all warranties, conditions and other terms implied by statute or common law are, to the fullest extent permitted by law, excluded from the Contract.

m. This Condition 6 shall survive termination of the Contract.

6. Ending the Contract

a. Before starting the Works, We may end the Contract by giving You written notice if, for valid reason, We cannot supply You with the Works.

b. If changes have been made to the Premises since the Order was issued, we may end the Contract before starting the Works.

c. We, or You, may end the Contract by written notice, if the other has materially breached any of its obligations.

d. The ending of this contract will not affect the accrued rights of either party.

7. Events Beyond Our Control

a. We will not have to carry out any obligation under the Contract if We are prevented from doing so by any cause beyond our reasonable control. This includes, but is not limited to, failure or shortage of power supplies, civil unrest, labour shortage or labour dispute, instructions or requests from the Government, an emergency services organisation, or any other competent authority, or legal obligations.

8. Customer Information

a. We may use information about You for our own business purposes, including carrying out market research. We may give your information to Subcontractor(s) and our agents who carry out certain business activities (for example, market research) on our behalf. Such Subcontractor(s) and agents will only be permitted to use Your data as instructed by Us. They are also required to keep your data safe and secure.

b. You should note that we may record phone calls to our customer contact centre for account management, training and quality management purposes.

9. Privacy and Data Protection

a. We will hold and manage Your personal data for the purposes of the Contract and account management purposes, in accordance with the data protection and privacy laws. We may supply your personal data to our subcontractors for the purpose of carrying out the Contract and will ensure that We and Our subcontractors have appropriate controls in place to protect Your personal data.

b. We will not sell or disclose Your personal data to any third party for purposes not connected with the Contract

c. For details about how we use Your data, and the rights You have in relation to Your data, please refer to Our Privacy Notice at http://www.electricireland.ie/residential/helpful-links/privacy-notice-andcookies. For further information, You may contact the ESB Data Protection Officer at 27 Fitzwilliam Street Lower, Dublin 2 D02 KY92 or at dpo@esb.ie

10. General

a. The Contract constitutes the entire agreement between the parties. You acknowledge that You have not relied on any statement, promise or representation made or given by or on behalf of Us which is not set out in the Contract. Any samples, drawings, descriptive matter or advertising issued by Us, and any descriptions or illustrations contained in our catalogues or brochures, are issued or published for the sole purpose of giving an approximate idea of the Works described in them. They shall not form part of the Contract or any other contract between us and You for the supply of the Works.

b. These Conditions apply to the Contract to the exclusion of any other terms that You seek to impose or incorporate, or which are implied by trade custom, practice or course of dealing. Any special conditions or extra time that We allow are limited to the specific circumstances in which they are given and do not affect our rights under the Contract in any other way.

c. We may at any time assign, transfer, charge, subcontract or deal in any other manner with all or any of our rights under the Contract and may subcontract or delegate in any manner any or all of our obligations under the Contract to a Subcontractor, agent or other third party.

d. You shall not, without our prior written consent, assign, transfer, charge, subcontract or deal in any other manner with all or any of Your rights or obligations under Contract.

e. If any competent authority considers that any of the Conditions are not valid or cannot be enforced, the other Conditions will still apply.

f. Both parties must follow all the laws, regulations and orders that apply to them respectively.

g. The Contract is governed by the laws of Ireland and any dispute will be dealt with exclusively in the Irish courts.

h. Complaints and notices may be made in writing, by hand or by post to Electric Ireland, Home Service Team, Building 2, Swift Square, Santry, Dublin 9 or by e-mail to homeservices@electricireland.ie Notices sent by post are deemed to have been delivered two days after posting.

11. Statutory Rights

a. Nothing in these Conditions excludes or affects your statutory rights.

electric ireland

Téarmaí agus Coinníollacha maidir le Grianphainéil agus Ceallraí Stórála ó Electric Ireland

1. Sainmhínithe

a. Sna téarmaí agus coinníollacha seo, tá na bríonna seo a leanas ag na focail thíos:

- Ciallaíonn 'Dáta Tosaithe' an dáta ar a gcuirimid in iúl duit i scríbhinn go nglacaimid leis an Ordú.
- Ciallaíonn 'Coinníollacha' na coinníollacha ginearálta seo.
- Ciallaíonn 'Conradh' an conradh, , a chuimsíonn an tOrdú agus na Coinníollacha seo, idir Tusa agus Muid a bhfuil feidhm ag na coinníollacha seo air.
- Ciallaíonn 'Ordú' d'ordú le haghaidh na nOibreacha.
- Ciallaíonn 'Áitreabh' an t-áitreabh a shonraítear san Ordú arb é an réadmhaoin ag a bhfuil na hOibreacha le soláthar.
- Ciallaíonn 'Táirgí' na grianphainéil agus/nó an tAonad Stórála Ceallraí agus an trealamh agus an gaireas gaolmhar atá le soláthar Againn Duit mar atá leagtha amach san Ordú.
- Ciallaíonn 'Seirbhísí' na seirbhísí atá le soláthar Againn Duit mar atá leagtha amach san Ordú.
- Ciallaíonn 'Fochonraitheoir(í)' páirtí/páirtithe ar féidir linn na seirbhísí go léir nó cuid díobh a ligean ar fochonradh dóibh.
- Ciallaíonn 'Oibreacha Neamhordaithe' aon oibreacha (cibé acu a dhéantar roimh, le linn nó tar éis na nOibreacha iad) a dhéanann aon Fhochonraitheoir(í) agus/nó aon tríú páirtí/páirtithe eile san Áitreabh trí shocrú díreach idir na páirtithe sin agus Tusa, agus atá. lasmuigh de scóip na nOibreacha.
- Ciallaíonn 'Muid' (agus gach leagan réamhfhoclach de) Bord Soláthair an Leictreachais atá ag trádáil mar Electric Ireland.
- Ciallaíonn 'Tú' (agus gach leagan réamhfhoclach de) an custaiméir atá ainmnithe ar an Ordú.
- Ciallaíonn 'Oibreacha' soláthar agus suiteáil na dTáirgí agus aon Oibreacha Breise.

b. Is ar mhaithe leis an éascaíocht amháin atá na ceannteidil sna Coinníollacha seo agus ní bheidh tionchar aige sin ar an gcaoi a léirmhínítear iad.

2. Bunús an Chonartha

a. Is éard atá san Ordú tairiscint Uait chun na hOibreacha a cheannach Uainn de réir na gCoinníollacha seo. Le go mbeidh an tOrdú bailí, caithfidh Tú é a shíniú.

b. Ní mheasfar gur glacadh leis an Ordú ach ar an Dáta Tosaithe, agus tiocfaidh an Conradh i bhfeidhm ag an bpointe agus ar an dáta sin.

3. Soláthar Oibreacha

a. Soláthróimid na hOibreacha Duit de réir an Ordaithe i ngach slí ábhartha.

b. Beidh sé de cheart Againn aon athruithe a dhéanamh ar na hOibreacha a bheidh riachtanach chun aon dlíthe infheidhmithe agus/nó ceanglais sábháilteachta a chomhlíonadh, nó nach n-imreoidh tionchar ábhartha ar nádúr ná ar cháilíocht na nOibreacha, agus tabharfaidh Muid fógra Duit in aon chás den sórt sin.

c. Soláthrófar na hOibreacha ar chuma cheart ceardúil agus déanfar le gach cúram agus scil réasúnach iad. Déanfaidh Muid aon damáiste a bhaineann leis na hOibreacha a dhéanfaidh Muid nó ár bhFochonraitheoir(í) don Áitreabh a shlánú.

d. Má aimsíonn Muid go bhfuil fadhbanna ann a chuirfidh bac Orainn na hOibreacha a chur i gcrích cuirfidh Muid in iúl Duit agus beidh na roghanna a leanas Agat:

i. deireadh a chur leis an gConradh de réir Choinníoll 8 thíos; nó

ii. an Conradh a chur ar fionraí go dtí go gcuirfear na fadhbanna sin ina gceart. Mura gceartófaí na fadhbanna ábhartha sin laistigh de 6 mhí féadfaidh ceachtar páirtí an Conradh a fhoirceannadh.

e. Rachaidh Úinéireacht na dTáirgí Chugat nuair a bheidh siad suiteáilte agus tar éis Duit íoc astu ina n-iomláine.

4. Do bharánta agus d'oibleagáidí

4.1 Barántaíonn Tú an méid seo a leanas:

a. Is Tusa úinéir an Áitribh nó tá údarás dlíthiúil eile Agat chun an Conradh a dhéanamh;

b. Tá gach ceadúnas agus cead is gá, lena n-áirítear ceadanna pleanála, agus toiliú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil roimh an dáta ar a dtosóidh na hOibreacha, faighte agat; agus

c. Níl aon athruithe déanta Agat ar an Áitreabh ó dháta an Ordaithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na hOibreacha.

4.2 Tá Tú faoi oibleagáid:

a. chinntiú go bhfuil téarmaí an Ordaithe agus aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil san Ordú iomlán agus cruinn;

b. rochtain ar an Áitreabh a thabhairt Dúinn, dár bhfostaithe, dár ngníomhairí, dár gcomhairleoirí (lena n-áirítear sainchomhairleoirí dearbhaithe cáilíochta) agus dár bhFochonraitheoir(í)

c. cibé faisnéis a theastaíonn Uainn le réasún chun na hOibreacha a sholáthar Dúinn, agus a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis sin cruinn i ngach slí ábhartha;

d. an tÁitreabh a ullmhú do sholáthar na nOibreacha, lena n-áirítear seirbhísí comhoiriúnacha leathanbhanda a sholáthar más gá;

e. cloí le gach treoir agus comhairle a thugann Muid nó Fochonraitheoir(í) maidir leis na hOibreacha, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta dóibh, trealamh agus sláinte agus sábháilteacht;

f. Má bhíonn leathanbhanda ag teastáil ó threalamh, do sheirbhís leathanbhanda a fhágáil ar siúl i gcónaí.

4.3 Creidmheasanna Fuinnimh:

a. Tuigeann Tú agus aontaíonn tú go bhfuil Muid i dteideal aon chreidmheasanna fuinnimh inchurtha i leith shuiteáil na dTáirgí san Áitreabh faoi Scéim Rialtas na hÉireann um Fuinneamh Níos Fearr nó faoi aon scéim athsholáthair nó scéim chosúil agus forghníomhóidh Tú aon doiciméid a iarrann Muid le réasún chun creidmheasanna fuinnimh den sórt sin a aistriú Chugainn.

4.4 Más tharlaíonn go gcoiscfear Orainn nó go gcuirfear moill Orainn aon cheann Dár n-oibleagáidí faoin gConradh a chomhlíonadh mar gheall ar aon ghníomh nó aon neamhghníomh Agat nó má mhainníonn Tú aon oibleagáid ábhartha a chomhlíonadh ("Mainneachtain Agat")

a. beidh sé de cheart Againn, gan ár gcearta ná ár leigheasanna eile a theorannú, soláthar na nOibreacha a chur ar fionraí nó go dtí go ndéanfaidh Tú Do Mhainneachtain a chur ina ceart, agus brath ar Do Mhainneachtain chun Muid a shaoradh ó chomhlíonadh aon cheann dár n-oibleagáidí chomh fada agus a choisceann nó a mhoillíonn Do Mhainneachtain Muid aon cheann Dár n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

b. Ní bheidh Muid faoi dhliteanas i leith aon chostais ná aon chailleanais a bhaineann Duit nó a thabhaíonn Tú a eascraíonn go díreach nó go hindíreach as mainneachtain nó moill againn aon cheann dár n-oibleagáidí a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i gCoinníoll 5.4 seo de bharr Mainneachtain Agat.

5. Baránta agus Dliteanas

a. Tá baránta bliana ag gabháil leis na hOibreacha uile. Déanfaidh Muid aon Oibreacha lochtacha a dheisiú nó a athsholáthar, ar ár rogha agus ar ár gcostas féin, laistigh de bhliain amháin ón suiteáil bhunaidh.

electric ireland

b. Déanfaidh Muid aon Táirge atá nó a éiríonn lochtach a dheisiú nó a athsholáthar, ar ár rogha agus ar ár gcostas féin, laistigh de bhliain amháin ón suiteáil bhunaidh.

c. Tá tú i dteideal baránta déantóra freisin i leith na dTáirgí atá suiteáilte san Áitreabh (lena n-áirítear earraí athsholáthair). Cuirfear sonraí faoin mbarántas sin, agus conas éileamh a dhéanamh, ar fáil duit tráth a suiteáiltear na Táirgí.

d. Ní mór Duit a chur in iúl dúinn i scríbhinn laistigh de 14 lá tar éis teacht ar aon lochtanna in aon Oibreacha nó Táirgí.

e. Ní bheidh feidhm ag na barántaí thuas i gcás ina ndéantar damáiste do na hOibreacha nó do Tháirgí mar thoradh ar mhíúsáid Agat nó de bharr aon chúis nach bhfuil inchurtha Inár leith, i leith Ár bhfochonraitheoirí ná i leith monaróirí na dTáirgí.

f. Ní dhéanfaidh aon ní sna Coinníollacha seo Ár ndliteanas a theorannú ná a eisiamh i leith na nithe a leanas:

i. bás nó díobháil phearsanta de bharr faillí againn, nó de bharr fhaillí ár bhfostaithe, ár ngníomhairí nó ár bhFochonraitheoirí;

ii. calaois nó mífhaisnéis chalaoiseach; nó

iii. sárú ar na téarmaí a thugtar le tuiscint in Alt 12 den Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980.

g. I ndálaí foircneacha/an-fhuar d'fhéadfadh sé nach gcoiscfeadh insliú do lochta agus do phíobán reo ná na hiarmhairtí a thiocfadh leis.

h. Faoi réir Choinníoll 6.j, ní bheidh Muid faoi dhliteanas Duit faoin gConradh seo i gconradh, tort (lena n-áirítear faillí) ná eile as aon damáiste ná aon chaillteanas eacnamaíoch indíreach, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, aon chaillteanas ioncaim, gnó, conarthaí, coigilteas tuartha ná brabúis.

i. Seachas mar a leagtar amach sna Coinníollacha seo, tá gach baránta, coinníoll agus téarma eile a thugtar le tuiscint sa reachtaíocht nó sa dlí coiteann, a oiread agus a cheadaítear le dlí, eisiata ón gConradh.

j. Mairfidh an Coinníoll 6 seo foirceannadh an Chonartha.

6. Deireadh a chur leis an gConradh

a. Roimh thosú ar na hOibreacha, féadfaidh Muid deireadh a chur leis an gConradh ach fógra scríofa a thabhairt Duit más rud é, ar chúis bhailí, nach féidir Linn na hOibreacha a sholáthar Duit.

b. Má dhéantar athruithe ar an Áitreabh ón am a eisíodh an tOrdú, féadfaidh Muid deireadh a chur leis an gConradh roimh thús a chur leis na hOibreacha.

c. Féadfaidh Muid, nó Tú, deireadh a chur leis an gConradh ach fógra scríofa a thabhairt, má dhéanann an páirtí eile aon cheann de na hoibleagáidí atá air a shárú go hábhartha.

d. Ní bheidh tionchar ag deireadh teacht leis an gconradh seo ar chearta fabhraithe ceachtar páirtí.

7. Teagmhais nach bhfuil neart againn orthu

a. Ní bheidh Orainn aon oibleagáid faoin gConradh a chomhlíonadh má choisctear Orainn é sin a dhéanamh mar gheall ar aon chúis nach bhfuil neart réasúnach againn air. Áirítear leis sin, ach gan bheith teoranta dóibh, cliseadh nó ganntanas soláthair cumhachta, corraíl shibhialta, ganntanas saothair nó díospóid thionsclaíoch, treoracha nó iarratais ón Rialtas, ó eagraíocht seirbhíse éigeandála, nó ó aon údarás inniúil eile, nó oibleagáidí dlíthiúla.

8. Faisnéis do Chustaiméirí

a. Is féidir Linn faisnéis Fútsa a úsáid chun críocha ár ngnó féin, lena n-áirítear taighde margaidh a dhéanamh. Féadfaidh Muid do chuid faisnéise a thabhairt d'Fhochonraitheoir(í) agus dár ngníomhairí a dhéanann gníomhaíochtaí áirithe gnó (mar shampla, taighde margaidh) ar ár son. Ní cheadófar do na Fochonraitheoir(í) agus do na gníomhairí sin Do shonraí a úsáid ach de réir mar a threoróidh Muid iad. Éilítear orthu do chuid sonraí a choinneáil slán sábháilte, leis.

b. Tabhair do d'aire go bhféadfaidh muid glaonna gutháin chuig ár n-ionad teagmhála custaiméirí a thaifeadadh chun críocha bainistíochta cuntais, oiliúna agus bainistíochta cáilíochta.

9. Príobháideachas agus cosaint sonraí

a. Déanfaidh Muid Do shonraí pearsanta a choinneáil agus a bhainistiú chun críocha an Chonartha agus chun críocha bainistíochta cuntais, i gcomhréir le dlíthe cosanta sonraí agus príobháideachta. Féadfaidh Muid do shonraí pearsanta a sholáthar dár bhfochonraitheoirí chun críocha an Conradh a chur i gcrích agus cinnteoidh Muid go mbeidh rialuithe cuí i bhfeidhm Againn agus ag Ár bhfochonraitheoirí chun Do shonraí pearsanta a chosaint.

b. Ní dhíolfaidh Muid ná ní nochtfaidh Muid Do shonraí pearsanta d'aon tríú páirtí chun críocha nach mbaineann leis an gConradh

c. Chun sonraí a fháil ar an gcaoi a n-úsáidimid Do shonraí, agus ar na cearta atá Agat maidir le Do shonraí, féach Ár bhFógra Príobháideachta ag www.electricireland.ie/residential/helpful-links/privacy-notice-and-cookies. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, is féidir Leat dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí BSL ag 27 Sráid Mhic Liam Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 D02 KY92 nó ag dpo@esb.ie

10. Ginearálta

a. Is éard atá sa Chonradh an comhaontú iomlán idir na páirtithe. Admhaíonn Tú nár bhraith Tú ar aon ráiteas, gealltanas ná uiríoll a rinne nó a thug Muid ná a rinneadh nó a tugadh thar Ár gceann nach bhfuil leagtha amach sa Chonradh. Aon samplaí, líníochtaí, ábhar tuairisciúil nó fógraíocht a eisíonn Muid, agus aon chur síos nó léaráidí atá inár gcatalóga nó inár mbróisiúir, eisítear nó foilsítear iad chun críocha tuairim gharbh a thabhairt ar na hOibreacha a gcuirtear síos orthu iontu agus chun na críocha sin amháin. Ní bheidh siad ina gcuid den Chonradh ná in aon chonradh eile idir Muid Féin agus Tú Féin maidir leis na hOibreacha a sholáthar.

b. Baineann na Coinníollacha seo leis an gConradh gan aon téarmaí eile a bhfuil Tú ag iarraidh a fhorchur nó a ionchorprú a eisiamh, nó a thugtar le tuiscint i ngnásanna trádála, sa chleachtas nó le linn trádála. Beidh aon choinníollacha speisialta nó am breise a cheadóidh Muid teoranta do na cúinsí sonracha ina dtabharfar iad agus ní chuirfidh siad isteach ar ár gcearta faoin gConradh ar aon bhealach eile.

c. Féadfaidh Muid ag am ar bith aon cheann dár gcearta nó ár gcearta go léir faoin gConradh a shannadh, a aistriú, a leagan, a chur amach ar fochonradh nó a thrádáil ar aon bhealach eile agus féadfaidh Muid aon cheann dár n-oibleagáidí nó iad uile faoin gConradh a chur amach ar fochonradh nó a tharmligean ar aon bhealach chuig Fochonraitheoir, gníomhaire. nó tríú páirtí eile.

d. Ní dhéanfaidh Tú, gan toiliú i scríbhinn uainn roimh ré, aon cheann de do chearta ná de d'oibleagáidí faoin gConradh, ná iad uile, a aistriú, a leagan, a chur ar fochonradh ná a thrádáil ar aon bhealach eile.

e. Má mheasann aon údarás inniúil nach bhfuil aon cheann de na Coinníollacha bailí nó nach féidir iad a fhorghníomhú, beidh feidhm fós ag na Coinníollacha eile.

f. Ní mór don dá pháirtí cloí leis na dlíthe, leis na rialacháin agus leis na horduithe go léir a bhaineann leo faoi seach.

g. Rialaíonn dlíthe na hÉireann an Conradh agus is i gcúirteanna na hÉireann amháin a dhéileálfar le haon aighneas.

h. Is féidir gearáin agus fógraí a chur isteach i scríbhinn, de láimh nó tríd an bpost, chuig Electric Ireland, Foireann na Seirbhíse Baile, Foirgneamh 2, Swift Square, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9 nó ar ríomhphost chuig homeservices@electricireland.ie Meastar go bhfaightear fógraí a sheoltar tríd an bpost dhá lá tar éis postála.

11. Cearta reachtúla

a. Ní bhaineann aon ní sna Coinníollacha seo de do chearta reachtúla.

electric Ireland